Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0057

Gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2026 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú (COM(2022)0702 – C9-0410/2022 – 2022/0408(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0702),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0410/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Márta 2023[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 5 Nollaig 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta,

---

[1] IO C 184, 25.5.2023, lch. 34.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0126/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2022)0408

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Márta 2026 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2026/799.)